

An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

**Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC**

**Gaelscoil Thomáis Daibhís
Cnoc an tSamhraidh, Magh Ealla, Co Chorcaí
Uimhir rolla: 19886D**

Dáta na cigireachta: 16 Eanair 2015



**AN ROINN | DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS | EDUCATION
AGUS SCILEANNA | AND SKILLS**

1. Réamhrá

Is Gaelscoil comhoideachas í Gaelscoil Thomáis Dáibhís, faoi phatrúnacht Easpag Chluain Uamha. Tá 346 dalta cláraithe sa scoil. Freastalaíonn foireann múinteoireachta de sheachtar déag ar na daltaí. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Tá bord bainistíochta an-éifeachtach ag an scoil agus oibríonn na baill ar son leas na ndaltaí.
- Tá príomh-oide an-chumasach sa scoil a chaitheann fuinneamh agus dua le riaradh na scoile. Tá sé tiomanta d'ardchaighdeáin a bhaint amach agus oibríonn an fhoireann bhainistíochta inscoile go fuinniúil dícheallach.
- Tá cáilíocht ard ag baint leis an múinteoireacht agus is inmholta an caighdeán Gaeilge atá bainte amach ag formhór na ndaltaí.
- Léiríonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe sa dá theanga agus sa Mhatamaitic go bhfuil ard-chaighdeáin bainte amach ag na daltaí.
- Tá cumann an-ghníomhach ag na tuismitheoirí agus tugann said a lán cúnaimh don scoil.
- Cruthaítear atmaisféar fáilteach, suaimhneach sa scoil a thacaíonn le forbairt iomlán na ndaltaí.
- Tá an obair a dhéantar ar son daltaí le riachtanais foghlama go mór le moladh.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Chun cur leis an gcleachtas an-mhaith atá ar siúl maidir le measúnú sa Bhéarla, sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic, moltar anois go leagfaí béim níos mó ar mhonatóireacht leanúnach a fhorbairt ar dhul chun cinn na ndaltaí i ngnéithe eile an churaclaim.
- Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar ghné den phlean scoile a bhaineann le ionrollacháin lena chinntiú go bhfuil na coinníolacha iontrála ag teacht le cleachtas fáiltiúil na scoile i dtaobh daltaí le riachtanais speisialta.

3. Cáilíocht bhainistíochta na scoile

- Oibríonn an bord bainistíochta go dícheallach ar son phobal na scoile agus cothaíonn siad spiorad chomhoibritheach. Bíonn cruinnithe rialta ag an mbord agus bíonn teagmháil an-mhíoch ag an gcathaoirleach leis an scoil. Roinneann na baill a saineolas go toilteanach leis an scoil. Cuirtear tuairiscí airgeadais ar fáil go rialta agus deimhnítear na cuntais go seachtrach. Le tamall anuas, ba í tosaíocht an bhoird ná a chinntiú go mbeadh cóiríocht oiriúnach ar fáil sa scoil agus an líon daltaí ag dul i méid. Chomh maith le sin bíonn sé mar aidhm ag an mbord i gcomhpháirt le foireann na scoile, na caighdeáin arda atá bainte amach a threisiú tríd an phróiseas fhéin-mheastóireachta a chur chun cinn.

- Tá príomh-oide an-chumasach sa scoil a chaitheann fuinneamh agus dua le riaradh na scoile. Tá fíis don Ghaelscoilaíocht aige. Tá sé tiomanta d'ardchaighdeán a bhaint amach agus cuireann sé roimhe mar aidhm forbairt iomlán an dalta. Is léir go gcothaíonn sé spiorad foirne ina chomhfhúinteoirí agus bíonn cruinnithe rialta ag an mbainistíocht inscoile. Faigheann sé tacaíocht dílis ghairmiúil ón leas-phríomhoide.
- Oibríonn an fhoireann bhainistíochta inscoile go fuinniúil dícheallach agus cabhraíonn ionchur na mball go mór le dul chun cinn na scoile. Tionnóltar cruinnithe rialta den fhoireann bainistíochta inscoile agus comhlíonann siad a ndualgais go coinsiasach. Moltar go dtabharfaí deiseanna do na baill bhainistíochta inscoile cur i láthair a dhéanamh ar a gcuid dualgas don bhord ó am go chéile.
- Déantar gach iarracht lena cinntiú go mbíonn dlúth-chomhoibriú idir an baile agus an scoil. Léiríonn torthaí na gceistneoirí a roinneadh ar na tuismitheoirí go bhfuil tromlach an-mhór de na tuismitheoirí an sásta leis an gcumarsáid sa scoil agus is léir ó na ceistneoirí go bhfuil siad an-shásta le cailíocht an teagaisc sa scoil. Cinntítear ionchur na dtuismitheoirí sa phróiseas pleanála sa scoil agus bíonn teagmháil rialta le cumann na dtuismitheoirí.
- Oibríonn rúnaí na scoile go cuirtéiseach, fáiltiúil agus cabhraíonn sí go mór le cúrsaí ceoil. Coimeádann an feighlí timpeallacht na scoile glan agus slachtmhar. Tugtar an-aire don fhoirgneamh laistigh agus lasmuigh.
- Tá na seomraí ranga maisithe go han-tarraingteach ag na hoidí le taispeántas ealaíne agus le saothar na ndaltaí. Tá raon leathan d'acmhainní idir ábhair chorportha, leabhair le raon leathan i nGaeilge agus i mBéarla, agus acmhainní teicneolaíochta sa scoil. De bharr an brú spáis agus go dtí go mbeadh an foirgneamh nua tógtha, b'éigean don scoil an leabharlann agus an seomra ríomhaireachta, atá teoranta ó thaobh spáis de, á úsáid mar rang-sheomraí.

4. Cailíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá foireann díograiseach, gairmiúil sa scoil agus tá córas pleanála an-éifeachtach á chur i bhfeidhm sa scoil. Léiríonn na cuntais mhíosúla go gcuirtear curaclam leathan, cothrom ar fáil sna ranganna uile.
- Ar bhonn uile scoile tugann raon de phleananna eagrúcháin agus churaclaim treoir chinnte do na hoidí. Sa phróiseas seo, bíonn plé fiúntach ag na baill fóirne le hionchur cóir ón mbord agus ó na tuismitheoirí. Tá cleachtas comhoibritheach pleanála forleathan sa scoil agus tá pleananna an-chabhreacha fadtéarmacha ag na hoidí le liostaí de scéalta, de rainn, d'amhráin agus d'ábhair múinteoireachta. Tá raon leathan d'acmhainní luaite sna pleananna. Tá an amhránaíocht agus an ceol agus an cultúr gaelach ina náit lárnach i saol na scoile.
- Ullmhaíonn na hoidí go críochniúil chun saothair agus tá a rian sin le sonrú ar an gcur chuige agus ar eagar na seomraí ranga. Úsáidtear timpléad comónta nuair a bhíonn oidí ag gabháil don phleanáil ghearrthéarmach agus tá soiléireacht ag baint leis an gcur síos ar na modhanna múinteoireachta atá á roghnú agus ar ábhair na gceachtanna. Moltar go gcinnteódh na hoidí uile go ndéanfaí na cuspóirí nó spriocanna foghlama a léiriú do na hábhair éagsúla.
- Tá tuairisc fhíúntach fhéin-mheasúnaithe curtha le chéile ag an scoil, agus dá bharr na measúnaithe shocraigh na hoidí díriú ar an matamaitic. Chabhraigh an t-eolas a bailíodh chun plean feabhsúcháin a ullmhú.

- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá na hoidí spreagúil, éifeachtach i mbun teagaisc agus úsáidtear raon leathan de mhodhanna múinte oiriúnachacha. Is léir go gcothaíonn na hoidí gaolmhaireacht iontaoibhe leis na daltaí agus tá gach dealramh ar an scéal go bhfuil na daltaí sona ar scoil agus go bhfuil fonn foghlama orthu.
- Bíonn an obair suimiúil agus cleachtar gníomhaíochtaí torthúla le ranganna, le grúpaí agus le daltaí aonair. Mealltar rannpháirtíocht na ndaltaí sa bhfoghlaim go tuisceanach agus céimnítear an obair go cúramach.
- Is í an Ghaeilge gnáth-theanga na scoile. Múintear an teanga go han-chumasach taitneamhach sa scoil agus baintear caighdeán arda amach. Úsáidtear cur chuige cumarsáideach tasc-bhunaithe agus le linn an mheasúnaithe bhí an-chleachtas le sonrú i dteagasc na Gaeilge. Ba léir, chomh maith, ó bheith ag caint le daltaí sna ranganna agus timpeall na scoile, go raibh líofacht cainte inmholta bainte amach ag a bhformhór. Tá an-dul chun cinn á dhéanamh sa léitheoireacht agus baineann na hoidí úsáid chruthaitheach as acmhainní de chuid *Seidean Sí*. Tá raon leathan d'ábhair léitheoireachta curtha ar fáil, úrscéalta suimiúla mar shampla. Cé go ndéantar scríbhneoireacht chruthaitheach ar bhonn rialta, b'fhiú níos mó deiseanna scríbhneoireachta a sholáthar ar ábhair phearsanta agus chruthaitheach chun scileanna na ndaltaí a fhorbairt a thuilleadh.
- Aithnítear an dea-shampla a thugann rúnaí na scoile, an feighlí, agus na cúntóirí riachtanais speisialta maidir le labhairt na Gaeilge a chur chun cinn timpeall na scoile.
- Sroichtear ard-chaighdeán sa Bhéarla chomh maith agus déantar forbairt torthúil ar na príomh-scileanna maidir le caint, léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Bhí samplaí de mhúinteoireacht an-mhaith le sonrú tríd an scoil agus obair i ngrúpaí dea-eagraithe san áireamh. Bíonn na daltaí is óige páirteach i ngníomhaíochtaí luathscríbhneoireachta, rud a chothaíonn scileanna scríbhneoireachta neamhspleácha. Tá obair mhaith á dhéanamh i dtraenáil fhóneolaíochta. Glacann na daltaí níos sine páirt ghníomhach sna díospóireachtaí ranga agus foghlaimíonn siad agus pléann siad píosaí filíochta a roghnaítear go cúramach. Léann formhór na ndaltaí go cruinn agus baintear an-úsáid as úrscéalta. Forbraítear a gcumas scríbhneoireachta go córasach. Leiríonn torthaí na dtrialacha caighdeánaithe sa Bhéarla go bhfuil ard-chaighdeán bainte amach ag na daltaí.
- Sa Mhatamaitic sonraítear go bhfuil caighdeán an-mhaith á bhaint amach ag na daltaí agus deimhníonn na triaileacha caighdeánaithe é seo. Moltar na hoidí as an úsáid a bhaineann siad as foghlaim ghníomhach, ábhair choncréideacha, cluichí agus obair i ngrúpaí le linn cheachtanna. Déantar nascanna idir an Mhatamaitic, an timpeallacht agus gnáthshaol na ndaltaí go rialta agus leagtar béim inmholta ar obair ó bhéal trasna na scoile. Leagann formhór na ndaltaí na cóipleabhair amach go néata agus déantar monatóireacht chúramach ar obair na ndaltaí. Déanann na hoidí ranga a ndícheall rang tascanna a dhifreálú do dhaltaí le riachtanais éagsúla foghlama agus tugann an fhoireann tacáíochta na scoile cúnaimh machnamhach dóibh nuair is gá.

- Baineann éagsúlacht bhreá leis na gníomhaíochtaí sa Chorroideachas. Baineann na daltaí taitneamh agus tairbhe as na h-imeachtaí agus sna ceachtanna inár rinneadh cigireacht orthu, bhí béim inmholta ar thaitneamh agus ar rannpháirtíocht na ndaltaí uile agus daltaí le míchumais ach go háirithe. Is léir ó chuntais oibre na n-oidí go múintear scileanna liathróide, cluichí clóis, cluichí fóirne agus rincí Gaelacha. Téann na daltaí ag snámh go rialta agus glacann an scoil páirt in imeachtaí éagsúla spóirt le Gaelscoileanna eile agus le scoileanna eile sa cheantar. Tagann daoine ó chumainn spóirt áitiúla chun gnéithe den chlár a mhúineadh agus úsáidtear an taithí seo mar deis chun forbairt ionghairme na noidí féin a shaibhriú.
- Tuigeann na hoidí an tábhacht a bhaineann le measúnú tráthrialta a dhéanamh. Tá stráitéisí measúnaithe oiriúnacha leagtha amach sa phlean scoile agus iad á gcur i bhfeidhm go rialta in a lán gnéithe. I measc na modhanna éagsúla measúnaithe atá in úsáid, tá féinmheastóireacht na ndaltaí, breathnóireacht an oide, tascanna, trialacha, samplaí oibre, agus trialacha caighdeánaithe. Díritear go speisialta ar an mBéarla, ar an nGaeilge agus ar an Matamaitic. Moltar anois go leagfaí béim níos mó ar mhonatóireacht leanúnach a fhorbairt maidir le dul chun cinn na ndaltaí trasna an churaclaim.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltai

- Tá plean uile scoile cuimsitheach don oideachas speisialta agus tá an cur chuige céimnitheach atá i bhfeidhm sa scoil leagtha amach go soiléir. Glacann na múinteoirí ranga freagracht bhunúsach as dul chun cinn na ndaltaí uile sa rang agus déantar monatóireacht chúramach ar dhul chun cinn ginearálta na ndaltaí.
- Tá nósanna luath-aithint agus luath-idirghabhála i bhfeidhm agus torthaí creidiúnacha le sonrú sa dul chun cinn. Tá cumarsáid chomhoibríteach idir na múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíochta.
- Moltar go ndéanfaí athbhreithniú ar phlean scoile a bhaineann le ionrollacháin lena chinntiú go bhfuil na coinníolacha iontrála ag teacht le cleachtas fáiltiúil na scoile i dtaobh daltaí le riachtanais speisialta.
- Tá córas teagasc feabhais ann do na daltaí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu sa litearach nó san uimhríocht agus déantar freastal an-mhaith orthu. Baintear dea-úsáid as cláracha speisialta, as tacaíocht in-ranga agus as tacaíocht aonair nó tacaíocht i ngrúpaí. Cuirtear cláracha oiriúnacha ar fáil. Leagtar béim ar obair ó bhéil, ar thuiscint na léitheoireachta, agus ar gníomhaíochtaí scríbhneoireachta. Eagraítear gníomhaíochtaí teagaisc go rianúil sa Mhatamaitic agus déantar tuiscint na ndaltaí ar na coincheapa a fhorbairt.
- Bíonn na hoidí ag freastal ar dhaltai eile chomh maith a bhfuil míchumas foghlama nó teastáileacha speisialta acu. Tá ardmholadh tuilte ag na hoidí as an obair inmholta a dhéantar ar son daltaí le riachtanais ar leith. Stiúrtar obair na gcúntóirí le haghaidh riachtanais speisialta go tuisceanach agus comhoibríonn na cúntóirí leis na hoidí.
- Tá raon chúrsaí a bhaineann le gnéithe den oideachas speisialta déanta ag oidí áirithe agus moltar go leagfaí síos plean d'fhorbairt ionghairme na noidí a bhíonn ag plé le riachtanais speisialta. Moltar chomh maith go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcur chuige maidir le cláracha foghlama aonair lena chinntiú go bhfuil cur chuige comhsheasmhach i measc na noidí nuair a bhíonn spriocanna foghlama sainiúla a aithint.
- Tá líon beag daltaí sa scoil seo ó chúlra faoi mhíbhuntáiste agus de réir an phríomhoide déanann an scoil an-iarracht chun freastal ar na fadhbanna a léirítear dá bharr.

Foilsithe Bealtaine 2015